




# Máistir Gairmiúil san Oideachas

Clár in Oideachas Tosaigh Múinteoirí, ag leibhéal Máistreachta, thar dhá bhliain, is ea an Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO) in OÉ, Gaillimh.

Is é an MGO an t-aon clár in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí go hiomlán trí mheán na Gaeilge (don leibhéal iarbhunscoile)
Tá an-tóir ar chéimithe an chláir agus iad fostaithe i nGaelcholáistí agus in iarbhunscoileanna Gaeltachta ar fud na tíre.

Agus an cúrsa seo críochnaithe agat, beidh tú in ann:

- Anailís chriticiúil a dhéanamh ar theoiricí, ar choincheapa agus ar mhodhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe
- Straitéisí teagaisc atá éifeachtach, gníomhach, cruthaíoch agus samhlaíoch a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga
- Saineolas ar theagasc na Gaeilge agus an teagasc trí Ghaeilge a léiriú chomh maith le straitéisí a chur i gcrích le litearthacht na mac léinn a fhorbairt i ngach ábhar
- Forbairt i nGaeilge scríofa agus labhartha a léiriú

Tuilleadh eolais anseo!

*An bhfuil spéis agat sa Ghaeilge & a bheith i do mhúinteoir?*

OÉ Gaillimh
NUI Galway